

Tuarascáil Bhliantúil de Bhinse Achomhairc Seirbhísí Airgeadais na hÉireann don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2018

(De bhun Alt 57AW d’Acht an Bhainc Ceannais 1942 agus mar a cuireadh isteach ag Alt 28 d’Acht an Bhainc Ceannais agus Údarás Seirbhísí Airgeadais na hÉireann 2003).

1. Bunaíodh Binse Achomhairc Seirbhísí Airgeadais na hÉireann (“BASAÉ” nó “an Binse”) de bhun Acht an Bhainc Ceannais agus Údarás Seirbhísí Airgeadais na hÉireann 2003 (“Acht 2003”).

Comhaltas an Bhinse

2. Ag tús 2018 bhí seachtar comhalta ar an mBinse a d’ainmnigh an Rialtas agus rinne Uachtarán na hÉireann iad a cheapadh. Ba iad beirt fheidhmeannaigh an Bhinse ná an tUasal John D. Cooke, Abhcóide Sinsir, Cathaoirleach, iarBhreitheamh ó Chúirt Chéadchéime an Aontais Eorpaigh agus Ard-Chúirt na hÉireann, agus Inga Clissman, Abhcóide Sinsir, Leas-Chathaoirleach. Ba iad seo a leanas gnáthchomhaltaí an Bhinse: Paul Brennan, Aturnae; Geraldine Clarke, Aturnae; Helen Collins, Aturnae; Teresa Pilkington, Abhcóide Sinsir agus Conor Power, Abhcóide Sinsir.

I mí Iúil 2018, ceapadh Teresa Pilkington, Abhcóide Sinsir, mar Bhreitheamh den Ard Chúirt, agus leis sin ní raibh sí incháilithe leanacht uirthi mar ball den Bhinse.

Ós rud é gur chaith Inge Clissman agus Geraldine Clarke trí théarmaí mar comhaltaí ar an mBinse ó bunaíodh é i 2007, tháinig deireadh lena téarmaí oifige i mí na Samhna 2018.

Athcheap Uachtarán na hÉireann Paul Brennan, Helen Collins agus Conor Power mar comhaltaí ar an mBinse ar an 26^ú Samhain 2018, le haghaidh téarma nua cúig bliana. Tá trí post le líonadh ar an mBinse faoi láthair, agus tá an Roinn Airgeadais gafa le próiséis earcaíochta i láthair na huaire, chun na post seo a líonadh.

3. Is í Treasa Kelly, Abhcóide, Cláraitheoir an BASAÉ.
4. Tá oifigí an Bhinse lonnaithe ag ag 4/5 Cearnóg Árann, Lána Lincoln, Cé Árann, Baile Átha Cliath 7, D07 CTX4; Suíomh gréasáin: www.ifsat.ie agus Seoladh

Ríomhphoist: Registrar@IFSAT.ie.

Gnásanna Achomharc:

5. Is comhlacht gar-bhreithiúnach é an BASAÉ le cumhachtaí reachtúla chun éisteacht agus dearbhú a dhéanamh ar achomhairc ó chinntí áirithe a thugann an Banc Ceannais, is iad sin ‘cinntí inachomhairc’ mar atá sainmhínithe ag Alt 11 d’Acht an Bhainc Ceannais agus Údarás Seirbhísi Airgeadais na hÉireann 2004.
6. Cuirtear tús le achomharc go BASAÉ trí Fógra Achomhairc a chur faoi bhráid an Bhinse. Bíonn ceithre lá dhéag ansin ag an mBanc Ceannais a Fhreagra ar an achomharc a thabhairt. (Tá foirmeacha maidir le Fógra Achomhairc agus Freagra ar Achomharc ar fáil ar shuíomh gréasáin an BASAÉ). I ndiaidh do na páirtithe na páipéir a mhalartú agus réamhcheisteanna a phlé, tabharfaidh an triúr comhalta, arna ainmnithe ag an gCathaoirleach mar an painéal sannta don cás, éisteacht don achomharc agus déanfaidh siad cinneadh air.
7. Tá fáil ar orduithe agus ar chinntí scríofa an BASAÉ ar shuíomh gréasáin an BASAÉ: www.ifsat.ie.

Achomhairc:

8. Cuireadh Fógra Achomhairc amháin faoi bhráid an Bhinse i rith na bliana 2018.
9. Trí Fhógra Achomhairc dar dáta an 11^ú Meitheamh 2018, thug AmTrust International Underwriters DAC (“AIUD”) fógra achomhairc don BASAÉ ó chinneadh an Bhainc Ceannais leasú a chur i bhfeidhm ar na coinníollacha a bhain le h-údarú AIUD de bhun Rialchán 26 de Rialacháin an Aontais Eorpaigh (Árachas agus Atharachas) 2015.
10. Cheap an Cathaoirleach an Leas-Chatthaoirleach, Geraldine Clarke agus Conor Power mar painéal chun éisteacht a thabhairt don t-achomharc.
11. Ag éisteacht treoracha reachtáilte ag an mBinse ar an 25^ú Deireadh Fómhair, mhol na Páirtithe treoracha réamh-aontaithe, agus ghlac an Bhinse leo sin. Cuireadh an éisteacht treoracha ar atráth go dtí mí Eanáir 2019.

Cuntais Bhliantúla:

12. Tá na cuntais don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2018 ar fáil le seo.
13. Arna foráladh ag Alt 57AW d'Acht an Bhainc Ceannais 2003, foilseoidh an Binse an Tuarascáil seo i ndiaidh di dul faoi bhráid Tithe an Oireachtais agus féadfaidh daoine ón bpobal cóip den Tuarascáil a íoslódáil ó shuíomh gréasáin an Bhinse.

An tUasal John D. Cooke (Abhcóide Sinsir)

Cathaoirleach

Dar dáta: 25 Márta 2019